

Fia

Tá trí chineál fia in Éirinn: fia rua, fia buí agus fia Seapánach. Tá radharc iontach ag gach fia. Is féidir leo rudaí a chloisteáil agus a bholadh go han-mhaith. Ní fhásann beanna ach ar na fianna fireanna.

Broc

Ainmhithe oíche iad na broic. Cónaíonn siad faoin talamh agus bíonn crúba láidre orthu don tochailt. Níl radharc na súl go maith acu toisc nach gcaitheann siad mórán ama i solas an lae. In ionad seo is féidir leo rudaí a chloisteáil agus a bholadh go han-mhaith.

Sciatháin Leathair

Níl eitilt ag aon mhamach seachas an sciathán leathair. Tá níos mó ná 1,000 speiceas de sciatháin leathair sa domhan. Tá seacht speiceas in Éirinn. Tagann siad amach um thrathnóna chun breith ar fheithidí. Baineann siad úsáid as macalla nó fuaimthonnta chun a mbealach a dhéanamh amach sa dorchadas.

Sionnach

D'fhine an mhadra é an sionnach. Cónaíonn sionnaigh faoin tír agus i mbailte. Tagann siad amach agus é dorcha chun dul ag fiach. Is féidir leo rudaí a fheiceáil, a chloisteáil, agus a bholadh go han-mhaith. Brocais an t-ainm atá ar a mbaile.

Gráinneog

Ainmhithe oíche iad na gráinneoga. Níl radharc na súl go maith acu, ach is féidir leo rudaí a chloisteáil agus a bholadh go han-mhaith. Tá an-chuid dealga orthu.

Iora

Tá dhá shaghas iora againn in Éirinn an t-iora rua agus an t-iora glas. Tá an t-iora glas níos comónta in Éirinn. Cuireann na hioraí a mbia faoin talamh sa gheimhreadh, ach déanann siad dearmad go minic cén áit! Tá radharc na súl go maith acu agus is féidir leo rudaí a bholadh go maith. Is féidir leis an iora léim mhór fhada a dhéanamh agus cónaíonn sé i nead.

1. Cé acu de na hainmhithe seo ar ainmhithe oíche iad?
2. Cad iad na rudaí a bhíonn ag ainmhithe oíche chun cabhrú leo sa dorchadas?
3. Cad atá ag an mbroc in áit radharc na súl a bheith go maith?
4. Cad atá ag sionnaigh agus madraí araon?
5. Cén fáth go bhfuil dealga ar ghráinneoga?

FOCLÓIR

Radharc

Ainmhithe oíche

Speiceas

Macalla

Fine

